

6.3.2024

A9-0063/12

Leasú 12

João Pimenta Lopes, Sandra Pereira, Manu Pineda
thar ceann Ghrúpa The Left

Tuarascáil

A9-0063/2024

René Repasi

An Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch le haghaidh 2024
(2023/2063(INI))

Tairiscint i gcomhair rúin

Mír -1 (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin

Leasú

-1. á mheas, de réir mar a thagann cúrsaí socheacnamaíocha reatha chun cinn, go mbaineann an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus Rialachas Eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh an bonn de chumas na mBallstát aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna agus riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha i gceart, bíodh siad tímthriallach nó struchtúrach;

Or. pt

Leasú 13

João Pimenta Lopes, Sandra Pereira, Manu Pineda
thar ceann Ghrúpa The Left

Tuarascáil

A9-0063/2024

René Repasi

An Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch le haghaidh 2024
(2023/2063(INI))

Tairiscint i gcomhair rúin

Mír -1 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin

Leasú

-1a. á iarraidh go n-aisghairfí an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, an reachtaíocht rialachais eacnamaíoch sé-phaca agus dé-phaca, an Seimeastar Eorpach, an Comhshocrú Buiséadach, agus na sásraí uile lena gcuirtear srian ar lamháil inlíochta na mBallstát agus infheistíocht phoiblí, maoiniú seirbhísí poiblí agus a róil shóisialta á gcur chun cinn acu; á iarraidh go gcuirfí Comhshocrú um Dhul Chun Cinn agus um Fhostaíocht a bhfuil na cuspóirí seo a leanas aige in ionad an chomhaontaithe sin:

– ceannasacht gach stáit a urramú, lena n-áirithítear na dálaí dá fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta d’fhonn easnaimh struchtúracha a shárú agus a chumas táirgthe a fheabhsú;

– an dífhostaíocht a chomhrac agus lánfhostaíocht a spreagadh, cearta saothair agus cearta sóisialta eile a chosaint agus rannchuidiú lena neartú, cómhargáil a choimirciú agus a chur chun cinn agus deireadh a chur leis an éiginnteacht;

– cosaint agus neartú seirbhísí poiblí agus feidhmeanna sóisialta stát a chur chun cinn, go háirithe rochtain ar an gceart chun sláinte, oideachais, slándála

*sóisialta, tithíochta agus cultúir;
– prionsabail an chomhtháthaithe
eacnamaíoch, shóisialta agus chríochaigh
agus na hinbhuanaitheachta comhshaoil
a spreagadh go héifeachtach;*

Or. pt